C/2025/343

14.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11842 – EICHLER CONSULTING / MAXIMILIAN AICHER / EVELYNE MARIA AICHER / WOLFGANG REITZLE / TELCHAR INVESTMENTS / RMH PRODUCTION)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/343)

1. An 6 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Telchar Investments B.V. ('Telchar Investments', an Ghearmáin), faoi rialú deiridh Lukas Rosenzweig,

— Maximilian Aicher (an Ghearmáin),

— Evelyne Aicher (an Ghearmáin),

— Eichler Consulting AG (an Eilvéis), faoi rialú Edwin Eichler,

— An tOllamh Dr. Wolfgang Reitzle (an Eilvéis),

— Rohrwerk Maxhütte Production GmbH ('RMH Production', an Ghearmáin), faoi rialú comhpháirteach Maximilian Aicher, Evelyne Aicher, Eicher Consulting AG agus Dr. Wolfgang Reitzle faoi láthair.

Gheobhaidh Telchar Investments, Maximilian Aichler, Evelyne Aicher, Eichler Consulting AG agus an tOllamh Dr. Wolfgang Reitzle rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar RMH Production.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is eintiteas sealbhaíochta agus infheistíochta é Telchar Investments, faoi rialú deiridh Lukas Rosenzweig, a bhfuil a ghníomhaíochtaí dírithe den chuid is mó ar réadmhaoin, ar chreidmheas príobháideach agus ar shócmhainní eile,

— Is duine príobháideach é Maximilian Aicher, a bhfuil gníomhaíochtaí aige san earnáil cruach,

— Is duine príobháideach í Evelyne Aicher, a bhfuil gníomhaíochtaí aici sa réadmhaoin,

— Eichler Consulting AG, faoi rialú deiridh Edwin Eichler agus gníomhach i gcomhairliúchán gnó,

— Is duine aonair príobháideach é an tOllamh Dr. Wolfgang Reitzle, a bhfuil gníomhaíochtaí aige i gcomhairliúchán gnó agus i dtáirgeadh agus dáileadh fíona.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó RMH Production: táirgeadh agus díol feadán cruach carbóin gan uaim.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11842 – EICHLER CONSULTING / MAXIMILIAN AICHER / EVELYNE MARIA AICHER / WOLFGANG REITZLE / TELCHAR INVESTMENTS / RMH PRODUCTION

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.